CINNEADH (AE) 2023/671 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Márta 2023

lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise lena gcuirfear bunús faoin malartú faisnéise maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag an gcruinniú a bhí aici an 4 Márta 2022, mar fhreagairt ar an mórphlodú isteach daoine atá ar a dteitheadh ón Úcráin de thoradh ionradh na Rúise ar an Úcráin, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ([1]) trí vóta d'aon toil chun a bhunú gurb ann d'insreabhadh ollmhór na ndaoine sin agus chun cosaint a thabhairt dóibh.

(2) Ag an gcruinniú sin den Chomhairle, eisíodh ráiteas chun tacaíocht a léiriú do na Ballstáit arb iad na príomhphointí iontrála san Aontas ón Úcráin le haghaidh an mórphlodú isteach daoine easáitithe atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise, agus ar mhaithe leis an ngá le cothromaíocht iarrachtaí a chur chun cinn i measc na mBallstát uile maidir leis na daoine sin a ghlacadh isteach.

(3) Thairis sin, chomhaontaigh na Ballstáit trí bhíthin an ráitis sin, i ndáil leis na daoine atá ag teitheadh ó chogadh ionsaithe na Rúise san Úcráin, gan forálacha Airteagal 11 de Threoir 2001/55/CE ([2]) a chur i bhfeidhm maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach i mBallstát ar leith agus a bhogann go Ballstát eile gan an t-údarú a bheith acu sin a dhéanamh„ ach amháin, ar bhonn déthaobhach, más rud é go gcomhaontaíonn na Ballstáit lena mbaineann a mhalairt.

(4) De bhun Airteagal 10 de Threoir 2001/55/CE, tá oibleagáid ar na Ballstáit sonraí pearsanta na ndaoine a thairbhíonn de chosaint shealadach ar a gcríoch a chlárú ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, chun críoch an chomhair riaracháin is gá le haghaidh cosaint shealadach a chur chun feidhme, foráiltear le hAirteagal 27(1) den Treoir sin go bhfuil ar na Ballstáit, i gcuibhreann leis an gCoimisiún, na bearta iomchuí uile a dhéanamh chun comhar agus malartú faisnéise díreach a bhunú idir na húdaráis inniúla.

(5) Is chun leasa na mBallstát atá sé faisnéis a mhalartú le tríú tíortha i limistéar Schengen, léirigh an Eilvéis spéis sa mhalartú sin, tír a raibh líon carnach de 65 953 dhuine a thairbhíonn de chosaint shealadach ar a críoch cláraithe aici an 25 Deireadh Fómhair 2022. Ós rud é go bhféadfadh go leordaoine a thairbhíonn de chosaint shealadach ar chríoch na hEilvéise a gcuid sonraí pearsanta a chlarú i mBallstát roimhe faoi Threoir 2001/55/CE, is féidir, trí mhalartú na sonraí sin a éascú, ligean do na Ballstáit lena mbaineann scor den chúnamh is gá a bhaineann leis an gceart chun cosaint shealadach a fháil, i dáil leis na daoine nach bhfuil ar a gcríoch a thuilleadh.

(6) Ina theannta sin, is chun leas na mBallstát é beart áirithe cobhsaíochta agus cothromaíocht iarrachtaí eatarthu a fhoráil maidir leis na ndaoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a ghlacadh, agus a áirithiú nach féidir mí-úsáid a bhaint as an gcóras.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích chun bunús a shuíomh maidir le faisnéis a mhalartú ar dhaoine a thairbhíonn de chosaint shealadach idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise,

([1]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrú Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

([2]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú lena gcuirfear bunús faoin malartú faisnéise maidir le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach le Cónaidhm na hEilvéise.

Airteagal 2

Tabharfaidh an Coimisiún forálacha an chomhaontaithe faoin gcaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal Oibre na Comhairle um an Tearmannagus i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo, atá faoi réir aon treoracha breise den sórt sin a d'fhéadfadh an Chomhairle eisiúint chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL